UNIVERSITY OF
LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH



# OL@50 PLEAN STRAITÉISEACH
2019 – 2024



# Clár



## 1 - 20


**Brollach** 4

**Teachtaireacht ón Uachtarán** 6

**Sracfhéachaint** 8

**Réamhrá** 10

**Comhthéacs** 14

**Peirspictíocht an Ardoideachais** 15

**Fís, Misean, Luachanna** 16

**Ár nUaillmhian** 18




# 21 - 40

**Ár Spriocanna**

**Sprioc 1**
Oideachas a Athrú ó Bhon 21

**Sprioc 2**
Sármhaitheas Taighde 25

**Sprioc 3**
Idirnáisiúnú 29

**Sprioc 4**
Cathair agus Réigiún 33

**Sprioc 5**
Samhail Oibriúcháin 37

# 41 - 43

**Cur i bhfeidhm na Straitéise** 41

**Tagairtí** 42

# Brollach

**Seansailéir**
**Mary Harney, Uasal**



**Thar ceann an Údaráis Ceannais, tá an-áthas orm tacú leis an bplean straitéiseach seo a leagann amach an treo dúinn ó thaobh forbartha de as seo go ceann cúig bliana in OL.**

D'eascair an plean seo as próiseas rannpháirtíochta leis an iliomad páirtithe leasmhara ar fud na hollscoile. Baineann an plean linn ar fad – mic léinn, comhaltaí foirne agus an tÚdarás Ceannais. Táimid go léir tar éis a bheith páirteach ina chur le chéile, agus táimid go léir freagrach as a chur i bhfeidhm. Beagnach caoga bliain ó shin, bunaíodh institiúid bheag le dúthracht agus díograis ollmhór agus uaillmhian mhór ann go n-éireodh thar barr léi. Bhí an nuálaíocht ag croílár na hoibre sin, agus is léir torthaí na hiarrachta sin ar fud an champais agus in éachtaí ár n-alumni.

Tá athdhearbhú ar an uaillmhian sin daingnithe sa phlean straitéiseach seo. Tá na dúshláin atá romhainn ollmhór agus tá dianiomaíocht ann le haghaidh acmhainní, ach murab ionann agus in 1972 tá bonnchloch iontach againn anois chun an chéad chéim eile den fhorbairt a sheoladh. Bhí cáil ar OL i gcónaí maidir



Dámh Chruinne Éireann
Rince agus Ceol

**“Ceannaire idirnáisiúnta maidir le dúshláin dhomhanda a réiteach”**

le nuálaíocht i gcothú chumas ár gcuid mac léinn dá dtodhchaí trí shármhaitheas teagaisc, foghlama agus taighde. Táimid ag féachaint anois ar an gcultúr sin chun eolas a chur ar fáil do theicneolaíochtaí nua oideachais agus do chur chuige nua i dtimpeallacht mac léinn-lárnach. Tá ár leabharlann den scoth a osclaíodh le déanaí ina siombail den uaillmhian atá againn dár mic léinn agus dár gcéimithe.


Is cuid thábhachtach dár dtodhchaí é feasacht níos fearr ar fhreagracht na hollscoile don chathair agus dá réigiún. Ní féidir breathnú ar OL mar oileán acadúil atá scoite amach ón tsochaí agus ón bpobal mórthimpeall air. Tá an ollscoil ann mar gheall ar phaisean agus ar dhúthracht mhuintir Luimnigh agus réigiún an Iarthair Láir 50 bliain ó shin, agus táimid meáite ar rannpháirtíocht sa phobal sna cúig bliana amach romhainn a neartú agus a leathnú. Cé go mbeidh forbairt Champas Cathrach OL mar chuid thábhachtach de sin, ba chóir go rachadh ár dtionchar i bhfad níos faide ná ár láithreacht fhisiciúil. Thug OL faoi ghníomhartha i gcónaí a rinne comhionannas deiseanna a chothú. Déantar tiomantais dhiongbháilte chun deiseanna oideachais a fheabhsú tuilleadh do phobail faoi mhíbhuntáiste sa phlean straitéiseach seo mar aitheantas ar fhreagracht níos leithne OL ar fud an Iarthair Láir.

Mar chuid dár bhfís tá fúinn cur le cáil OL ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta trí chomhoibriú i dtaighde agus trí rannpháirtíocht le comhpháirtithe thar lear. Baineann tábhacht leis seo maidir lenár n-inbhuanaitheacht a chinntiú don todhchaí, feabhas a chur ar ár rangú i measc ollscoileanna domhanda agus OL a dhéanamh níos tarraingtí do mhic léinn agus do chomhaltaí foirne.

Tá Ollscoil Luimnigh ag tnúth le haislingí a bunaitheoirí a chomhlíonadh agus a shárú.

# Teachtaireacht ón Uachtarán

**An Dr Des Fitzgerald**



**Faoi cheann cúpla bliain, beidh ár n-ollscoil ag ceiliúradh 50 bliain ó bunaíodh an foras a tháinig roimpi, an Foras Náisiúnta um Ard-Oideachas (NIHE), sa bhliain 1972. Leagann pleananna straitéiseacha cúrsa amach ar feadh thréimhse cúig bliana. Mar sin féin, leis an gcomóradh sin ag teacht inár dtreo gan mhoill, ní hamháin go bhfuilimid dírithe ar na cúig bliana amach romhainn ach ar an leathchéad bliain eile atá romhainn.**

Chruthaigh na daoine a tháinig romhainn ollscoil in áit nach raibh aon cheann roimhe sin toisc go raibh fís, uaillmhian agus tacaíocht óna bpobal acu. Tá na tréithe agus an tiomantas céanna ag OL inniu ó phobal réigiún an Iarthair Láir. Bainfimid leas astu sna blianta amach romhainn chun ollscoil den chéad scoth atá oiriúnach don 21ú haois a chruthú.

Chun an misean seo a bhaint amach, beidh OL ina cheannródaí domhanda san earnáil tríú leibhéal atá ag athrú agus ag fás go leanúnach. Is é an príomhchuspóir atá againn cur le cáil acadúil OL trí ollscoil a thógáil atá á treorú ag taighde agus atá dírithe ar réiteach a fháil ar dhúshláin dheacra a bhfuil tionchar domhanda acu.


Bronnadh an tSamhraidh, 2019

Tá mic léinn agus suíomh ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar OL. Tá ár gcuid mac léinn i gcroílár gach a ndéanaimid. Ní mór dúinn a chinntiú go dtugtar gach deis dóibh barr feabhais a bhaint amach; smaoineamh go criticiúil agus fadhbanna a réiteach; nuálaíocht a thabhairt chun cinn agus obair a dhéanamh; taithí a fháil ar chultúr éagsúil agus uileghabhálach; a bheith mar cheannairí, ealaíontóirí, lúthchleasaithe agus tuilleadh nach iad; an bhonnchloch a leagan do shaol sláintiúil; agus nuair a fhágann siad OL go mbreathnóidh siad siar ar a gcuid ama ann le fíorbhród.

Leis an tacaíocht cheart agus le cabhair ó infheistíocht shuntasach, cuirfidh an plean seo – OL@50 – buntáistí móra ar fáil do mhic léinn, don fhoireann agus don réigiún agus beidh na rudaí seo a leanas mar thoradh air:

- 4,000 mac léinn breise le linn shaolré an phlean seo, ag ardú go dtí 8,000 sna blianta ina dhiaidh sin, agus beidh go leor díobh lonnaithe i lár na cathrach i bhfoirgneamh den scoth, rud a thabharfaidh caiteachas bliantúil breise de thart ar €30m don chathair agus don réigiún, agus a chruthóidh deiseanna nua le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta agus phoiblí
- Os cionn 300 comhalta foirne breise, a mhéadóidh go dtí 600 in am trátha, chun cláir staidéir fhorásacha a chur ar fáil a bhaineann leis an tsochaí agus le geilleagar an lae amárach.

Is cuid lárnach dár DNA é suíomh OL in Iarthar Láir na hÉireann. Ba iad muintir Luimnigh a chruthaigh OL agus bhí tionchar mór aige ar an réigiún. Tabharfaidh ár n-uaillmhian do na blianta atá romhainn ar aghaidh céim níos faide muid – go mbeimid mar ollscoil náisiúnta agus idirnáisiúnta cheannródaíoch anseo i Luimneach. Is ansin amháin a bheidh OL mar an ollscoil a bhí ar intinn ag muintir an Iarthair Láir ón tús.

**“Fiontraíocht a dhaingniú i ngach rud a dhéanaimid”**

# Sracfhéachaint

**7**
Seacht mbaile ag cur lóistín ar fáil do 2,700 mac léinn agus comhalta foirne

**80**
Mic léinn as 80 tír ar an ollscoil

**366**
Cuimsíonn campas OL 366 acra, lena n-áirítear 116 acra ar thaobh Chontae an Chláir

# Amlíne

## 1972-75

- Bunaíodh an Institiúid Náisiúnta Ardoideachais (1972)
- 113 mac léinn (1972)
- 1,545m² spás foirgnimh ar an gcampas (1972)
- Bunaíodh Aontas na Mac Léinn (1975)

## 1987-89

- Bunaíodh Alumni OL (1987)
- Stádas mar Ollscoil ceadaithe (1989)
- 3,490 mac léinn (1989)
- Bunaíodh Fondúireacht Ollscoil Luimnigh (1989)

## 1993-97

- Osclaíodh Ceoláras na hOllscoile (1993)
- Osclaíodh Leabharlann Glucksman (1997)

## 2001-04

- Osclaíodh an chéad linn snámha Oilimpeach in Éirinn in OL (2001)
- Tosaíodh ar thógáil ar thaobh Chontae an Chláir den champas (2004)

## 2005-07

- Bunaíodh Lero – Ionad Taighde Bogearraí na hÉireann (Ionad Taighde SFI) (2005)
- Bunaíodh MACSI – an Cuibhreannas Feidhmeanna Matamaitice don Eolaíocht agus don Tionscal (2006)
- Tógadh an Droichead Beo (2007)
- Bunaíodh Epi-Stem – Ionad Náisiúnta d’Oideachas STEM (2007)
- Bunaíodh an Scoil Leighis Iontrála Iarchéime (2007)

**429**

Tá 429 saotharlann ag OL a chuimsíonn saoráidí teagaisc, taighde, speisialaithe agus ardteicneolaíochta

**c16,000**

mac léinn cláraithe

**250,000m²**

spás foirgnimh

**354,100**

leabhar clóite san iomlán

## 2008-10

- Bunaíodh SSPC – Ionad Cógaisíochta Sintéise agus Stáit Soladach (Ionad Taighde SFI) (2009)
- Bunaíodh IComp – Lárionad Comhábhar na hÉireann (Ionad Teicneolaíochta EI/IDA) (2010)

## 2013-14

- Bunaíodh PMTC – an tIonad Teicneolaíochta Déantúsaíochta Cógaisíochta (Ionad Teicneolaíochta EI/IDA) (2013)
- Bunaíodh NISE – an Institiúid Náisiúnta do Léann an Oideachais (2014)
- Bunaíodh Institiúid Taighde Sláinte (HRI) OL (2014)

## 2015-16

- Ollscoil na Bliana, 2015 de réir an Sunday Times
- Bunaíodh DPTC – an Lárionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta (Ionad Teicneolaíochta EI/IDA) (2015)
- Osclaíodh an Lárionad Oideachais Taighde Chliniciúil (CERC) i gcomhar le hOspidéal na hOllscoile, Luimneach (2016)
- Rugbaí na Mumhan aistrithe go dtí an campas (2016)
- Bunaíodh Institiúid Bernal OL (2016)

## 2017-18

- Ainmnithe mar Ollscoil Tearmainn (2017)
- Scoil Dlí na Bliana bainte amach ag Scoil an Dlí (2017)
- Rangaithe sa chatagóir 101-150 i Rangú Infhostaitheachta Céimithe QS (2017)
- Bunaíodh CONFIRM, an tIonad Déantúsaíochta Cliste (Ionad Taighde SFI) (2018)
- 6ú háit ar domhan do champas fo-uirbeach (Rangú Domhanda Méadrach Glas UI) (2018)

## 2019

- Gradam Cré-umha Athena SWAN mar chuid den chairt leathnaithe bainte amach (2019)
- Ollscoil na Bliana, 2019 de réir an Sunday Times
- Creidiúnú Idirnáisiúnta AACSB tuillte ag Scoil Ghnó Kemmy (2019)
- Rangaithe mar uimhir 2 sa domhan maidir le sonas na mac léinn idirnáisiúnta (2019)
- Rangaithe mar uimhir 35 i Ranguithe Tionchair Ollscoile Times Higher Education (THE) (2019)
- OL rangaithe i measc an 75 is fearr san Eoraip maidir le Feabhas i dTeagasc agus i bhFoghlaim (2019)
- Bunaíodh Lárionad SFI d'Oiliúint Taighde i mBunúis Eolaíochta Sonraí (2019)

# Réamhrá

**Is é ár gcuspóir thar aon ní eile cur le cáil acadúil na hollscoile. Is féidir linn é sin a dhéanamh ar go leor bealaí: trínár dtiomantas do thaighde agus do bharr feabhais oideachais, trínár bpobal mac léinn agus foirne, trínár n-uileghabhálacht agus ár n-éagsúlacht, trínár gcion a dhéanamh don tsochaí chathartha, agus trínár n-uaillmhian agus ár scóip sa 50 bliain atá romhainn.**



Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimid é seo i gceart. Agus an plean seo á fhorbairt againn, bhí caidreamh cuiditheach againn le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ár gcomhaltaí foirne, mic léinn agus alumni; ár nÚdarás Ceannais; ár bhFondúireacht; agus an pobal i gcoitinne. Bhí ról ríthábhachtach ag gach páirtí leasmhar i gcabhrú linn an plean straitéiseach seo a bheachtú, rud a thug deis dúinn fís institiúideach don todhchaí a chur in iúl a bhfuil an tsolúbthacht aici chun freastal ar riachtanais éagsúla agus athraitheacha an rialtais, ár gcomhpháirtithe tionscail agus an phobail i gcoitinne, ar a bhfreastalaímid.

Le himeacht ama, tháinig ceithre phríomhthéama chun cinn a threoraíonn an bealach a smaoinímid ar an ollscoil:

- An fhoghlaim a athrú ó bhonn
- Claochlú digiteach
- An chathair agus cultúr
- Sláinte agus folláine

Tá na téamaí seo an-tábhachtach agus muid ag iarraidh ár gcláir oideachais agus bealaí teagaisc a fhorbairt ionas go mbeimid níos dírithe ar thaithí, níos fadhb-bhunaithe, níos fiontraíoch, níos ábalta mic léinn a thabhairt linn agus níos fearr ag ionchorprú ardáin teicneolaíochta an 21ú haois. Ní mór dúinn a bheith níos éagsúla agus níos cuimsithí, níos idirnáisiúnta agus níos solúbtha.

Ar an dea-uair, forbraíodh ár bplean ar an mbunchloch is láidre. San achar gearr ó bunaíodh muid, tá breis agus 100,000 mac léinn tar éis céim a bhaint amach linn agus, in 2019, rangaíodh muid mar Ollscoil na Bliana (Sunday Times) agus mar an Campas is Fearr.

Tá foireann acadúil agus ghairmiúil den scoth againn atá tiomanta do na caighdeáin oideachais is airde a bhaint amach agus do thaighde den scoth a dhéanamh agus a bhfuil dílseacht agus cion mór léirithe acu do OL.



Teagasc Grúpaí Beaga, Scoil an Dearaidh

Is féidir linn áiseanna spóirt agus cultúir gan sárú a bheith againn, lena n-áirítear Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol, Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann, Airéine Spóirt OL, an chéad linn snámha 50 méadar in Éirinn, raon reatha idirnáisiúnta, Bailiúchán Féinphortráide Náisiúnta na hÉireann agus Ceoláras na hOllscoile.

Mhéadaigh líon ár mac léinn ó 113 in 1972 go dtí thart ar 16,000 in 2019. B'éachtach í an fhorbairt a rinneadh ar áiseanna na mac léinn, agus cuirimid lóistín ar an láthair ar fáil anois do 20% de na mic léinn.

Le béim cheannródaíoch ar thaithí oibre trí chomhpháirtíocht le fiontar, tá beagnach gach duine dár mic léinn fostaithe laistigh de bhliain dóibh a gcéim a bhaint amach. Cé go bhfanann go leor díobh sa réigiún agus gur chabhraigh siad chun cur le geilleagar réigiún an Iarthair Láir, fós féin, tá baint ag ár n-alumni le gach gné den saol agus tá siad i bpoist cheannaireachta ar fud an domhain.

Bhí ár gcathair agus ár réigiún fite fuaite i gcónaí le gach rud a dhéanaimid in OL. Rinneamar rochtain a chur chun cinn i gcónaí i réigiún a raibh, go traidisiúnta, ceann de na rátaí ab ísle dul chun cinn mac léinn go dtí an tríú leibhéal ann. Tá sé léirithe go maith againn go bhfuilimid in ann dul i ngleic le fiontar agus le seirbhísí poiblí, go háirithe i dteagasc agus i gcúram sláinte. Mar sin féin, is próiseas leanúnach é athnuachan na cathrach agus an réigiúin, agus tá sé i gceist againn níos mó a dhéanamh.

Clúdaíonn OL achar 366 acra, agus tá ceann de na campais tríú leibhéal is



An Pontún,
Ollscoil Luimnigh

iontaí agus is báúla don timpeallacht ar domhan againn. Is é croílár ár n-uaillmhéine don champas na caighdeáin is airde inbhuanaitheachta agus cosanta aeráide a bhaint amach agus ag an am céanna an campas a dhéanamh níos inmharthana agus níos comhtháite do mhic léinn.

Tá infheistíocht iontach déanta i dtaighde in OL. Tá sé seo ríthábhachtach do cháil acadúil na hollscoile, agus ní mór dúinn é a fhorbairt níos mó trí chur lenár n-éachtaí agus trí thallann a chothú. Is mian linn dul i ngleic le dúshláin atá lárnach d'Fhís Eorpach, an chéad Chreatchlár AE eile. Go deimhin, tá sé fíorthábhachtach cur lenár gcláir AE má táimid le bheith inár n-ollscoil diantaighde. Chuaigh taighde OL i ngleic i gcónaí le spriocanna forbartha inbhuanaithe domhanda (SDGanna) agus leanfaidh sé de sin a dhéanamh. Go deimhin, rangaíodh OL ar an 35ú hollscoil ar domhan i Ranguithe Tionchair Ollscoile Times Higher Education SDG in 2019.

Tá cothabháil ár gcampais agus leas ár bpobail lárnach dár bhfís. Chomh maith le hiarracht a dhéanamh campas OL i gCaisleán an Treoigh a dhéanamh níos comhtháite agus níos inmharthana do mhic léinn, is é ceann de na príomhchuspóirí atá againn forbairt bhreise a dhéanamh ar shaoráidí do thaighde, oideachas agus lóistín mac léinn. Is mian linn spásanna teagaisc níos nuálaí a chruthú a chuireann foghlaim bunaithe ar fhadhbanna agus foghlaim ó thaithí chun cinn; ár gcampas thuaidh a leathnú agus campais an Chláir agus Luimnigh a chomhtháthú; áiseanna



a fhorbairt le haghaidh fiontraíochta; infheistíocht bhreise a dhéanamh i saoráidí spóirt agus mac léinn, go háirithe do mhic léinn faoi mhíchumas; saoráidí ar leith a fhorbairt do mhic léinn iarchéime agus idirnáisiúnta; aghaidh a thabhairt ar na héilimh ar bhreis lóistín do mhic léinn; seirbhísí mac léinn a lárú; infheistiú sa teicneolaíocht chun OL a fhorbairt mar 'Ollscoil Dhigiteach'; agus dramhaíl agus astuithe carbóin a laghdú.

Tá cathair mhór Luimnigh agus réigiún an Iarthair Láir i gcroílár gach rud a dhéanaimid. Mar sin féin, caithfimid díriú ar an ardán náisiúnta agus, go deimhin, ar an leibhéal idirnáisiúnta agus a bheith aitheanta mar ollscoil atá lonnaithe in Iarthar Láir na hÉireann – ach a bheith ag freastal ar réigiún níos leithne.

Sna blianta atá le teacht, leathnóimid an clúdach atá againn, ag tosú leis an gCeantar Digiteach ag Pointe na Páirce agus le Campas Chathair Luimnigh sula leathnóimid go Baile Átha Cliath agus thar lear. Oibreoimid le hinstitiúidí tríú leibhéal eile na cathrach, le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus le Coláiste Mhuire gan Smál, chun Luimneach a athchruthú mar chathair mac léinn agus chun branda réigiúnach a chruthú don oideachas tríú leibhéal.

Cuirfidh na forbairtí seo ar ár gcumas roinnt cuspóirí uaillmhianacha a bhaint amach:

- a bheith inár n-ollscoil diantaighde a réitíonn dúshláin dhomhanda;
- eispéireas foghlama agus oideachasúil a athrú ó bhonn;
- fiontraíocht agus fiontar a chur i gcroílár gach a ndéanaimid;
- aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna ár bpobail;
- líon na mac léinn a mhéadú, go háirithe mic léinn iarchéime agus idirnáisiúnta;
- cur go mór leis an saol ar an gcampas agus le saol na cathrach;
- agus, thar aon ní eile, cur lenár gcáil acadúil.

Tá stair shaibhir agus bhródúil againn agus tá dul chun cinn mór déanta againn in imeacht gearr ama. Rinneadh ollscoil de NIHE agus rinneadh a chláir acadúla a leathnú go mór le hais mar a bhí siad ag a thús. Sa 50 bliain atá romhainn – an dara leath den chéad céad ag OL – ní mór dúinn a chinntiú go gcuirfimid lenár gcáil acadúil agus go bhforbróimid ár bhféiniúlacht mar ollscoil náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá sé ráite go soiléir ag ár gcuid mac léinn agus ár bhfoireann gur mian leo go mbeadh OL sainiúil, dinimiciúil, dírithe ar mhic léinn, láidir ó thaobh cúrsaí acadúla, cruthaitheach, fiontraíoch agus nuálaíoch – go deimhin, na saintréithe go léir a chothaigh an ollscoil agus a bhfuil cáil uirthi dá mbarr.

Go hachomair, ní mór dúinn a bheith ar an ollscoil is fearr ar domhan mar atá tuillte ag réigiún an Iarthair Láir, go ginearálta, agus ag cathair Luimnigh, go háirithe.

**"Caithfidh OL leas a bhaint as bheith ina ollscoil óg. Tugann ár n-óige deis dúinn a bheith nuálach agus smaoineamh as an nua. Ba chóir go mbeadh sé sin mar chuid dár bhféiniúlacht. Bí difriúil!"**

# Comhthéacs

## Bhí ceithre phríomhthéama a mhúnlaigh fhorbairt OL@50, ár bplean straitéiseach, agus tá siad fite fuaite sa phlean:

- An fhoghlaim a athrú ó bhonn
- Claochlú digiteach
- An chathair agus cultúr
- Sláinte agus folláine

Ón bpróiseas leathan rannpháirtíochta foirne, áirítear iad seo a leanas ar na réimsí a gcaithfimid díriú orthu le chéile:

- **Cáil acadúil** – Ár gcáil acadúil a mhéadú agus a fheabhsú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta;

- **'Céimí OL'** – Oideachas a chur ar chéimithe den scoth agus ar shaoránaigh ghníomhacha;

- **Tacú lenár bhfoireann** – Ár gcomhaltaí foirne a chumasú chun a n-uaillmhian a bhaint amach;

- **'Ollscoil Chathartha'** – Oibriú go gníomhach lenár gcathair agus lenár réigiún chun tacú leis an réigiún agus leis an ngeilleagar;

- **Cuimsiú agus éagsúlacht** – Campas oscailte agus fáilteach a chuimsiú agus a chur chun cinn do chách;

- **Spleodar** – Dúshlán leanúnach a thabhairt dár n-uaillmhianta agus deiseanna nua a lorg go réamhghníomhach.

Go hachomair, tá ár n-iarrachtaí dírithe ar OL a chur chun tosaigh maidir le cleachtas san oideachas agus sa taighde a fhorbairt agus eispéireas saibhir a chur ar fáil do mhic léinn agus cur lenár gcathair agus lenár réigiún trí fheabhas acadúil.

**"Caithfidh OL saineolas agus eolas a roinnt trí thaighde, oideachas agus rannpháirtíocht ar mhaithe leis an tsochaí"**

# Peirspictíocht an Ardoideachais

## Ceanglais Reachtacha agus Reachtúla

Feidhmíonn Ollscoil Luimnigh faoi reachtaíocht náisiúnta agus faoi Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá an tÚdarás Ceannais freagrach go huile agus go hiomlán as gnóthaí na hollscoile agus tá an tÚdarás ceaptha de réir Acht na nOllscoileanna, 1997.

## Polasaí agus Creataí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Aithníonn Ollscoil Luimnigh an comhthéacs polasaí náisiúnta ina bhfeidhmíonn sí. Tá forbairt na straitéise seo bunaithe ar cháipéisí polasaí agus creata náisiúnta ábhartha agus tá sé ailínithe le Comhphlé Straitéise agus Feidhmíochta an Údaráis um Ard-Oideachas, 2018-2021.

Tá déimeagrafaic athraitheacha, soghluaisteacht mac léinn níos mó agus riachtanais agus cleachtais atá ag teacht chun cinn san ardoideachas uile tar éis cur leis na huaillmhianta atá leagtha amach againn sa straitéis seo. Ba mhaith linn freisin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, go háirithe spriocanna forbartha inbhuanaithe na NA, trínár gcláir phobail agus dheonacha.

Táimid tiomanta cur leis na cuspóirí náisiúnta maidir le hardchaighdeán agus feabhas acadúil, pobal tallainne a fhorbairt dár saoránaigh, cothromas rochtana a chinntiú, taighde agus forbairt den scoth a threorú agus a fhorbairt trí rannpháirtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus feabhas ceannaireachta, rialachais agus oibríochtúil a chinntiú.

Táimid meáite na caighdeáin is airde maidir le huileghabhálacht, dínit, cearta an duine agus cothromaíocht inscne a bhaint amach san obair go léir a dhéanaimid mar aon le sláinte agus folláine ár gcuid mac léinn, ár gcomhaltaí foirne agus ár gcuairteoirí uile a chur chun cinn agus a thacú.



Taighde na Scoile Leighis Iontrála Iarchéime

# Fís, Misean, Luachanna

## Fís

**Is pobal scoláirí a bheidh in Ollscoil Luimnigh a bhfuil cáil dhomhanda air as barr feabhais, cruthaitheacht, nuálaíocht, fiontraíocht agus rannpháirtíocht.**

---

I ndeireadh na dála, teastaíonn uainn ionad den scoth a chruthú don oideachas, don taighde agus don nuálaíocht a mheallfaidh na comhaltaí foirne agus na mic léinn is fearr ó gach cuid den tsochaí, in Éirinn agus thar lear. Is mór againn chomh maith a chinntiú gur áiteanna iontacha iad Luimneach agus an tIarthar Láir chun cónaí agus chun oibriú iontu.



# Misean

**Is é ár misean tógáil ar shaineolas ár scoláirí maidir le heolas a chruthú, a úsáid agus a roinnt ar mhaithe le leas ár gcuid mac léinn agus le saibhriú ár bpobail.**

Tá na mic léinn agus a dtionchar ar an tsochaí amach anseo ag croílár gach a ndéanaimid. Ní mór dúinn caighdeán barr feabhais a choinneáil san oideachas, san oiliúint, sa taighde agus sa nuálaíocht ionas gur féidir linn freastal ar riachtanais na sochaí agus ár gcuid mac léinn, ár gcomhaltaí foirne agus ár gcéimithe, agus caithfimid a chinntiú go mbeidh deis ag ár gcuid mac léinn a bheith ina gceannairí ina rogha gairmeacha.

# Luachanna

**Cothaíonn Ollscoil Luimnigh fiosracht, cruthaitheacht agus barr feabhais acadúil i bpobal uileghabhálach atá tiomanta do leas sóisialta.**

**Is iad seo a leanas ár mbunluachanna:**

- **Cruthaitheach agus Nuálaíoch**
  Tionchar a imirt ar an todhchaí trí dhearcadh eile a bheith againn le hais mar atá ag daoine eile. Rioscaí a thuiscint ach muinín a bheith againn as ár mbreithiúnas.
- **Cuimsitheach agus Éagsúil**
  Ag cur fáilte roimh chách. Fréamhaithe san Eoraip ach tionchar ar fud an domhain.
- **Eiticiúil agus Inbhuanaithe**
  Na rudaí cearta a dhéanamh, ar an mbealach ceart, ar na cúiseanna cearta. Dul i ngleic le dúshláin náisiúnta agus dhomhanda, agus tacú le spriocanna inbhuanaithe.
- **Tacúil agus Claochlaitheach**
  Ár gcuid mac léinn agus ár gcomhaltaí foirne a chumhachtú le bheith i gceannas.
- **Uaillmhianach agus Díocasach**
  Oibriú le gach duine chun na teorainneacha eolais a shárú.



Niche, Orla de Brí,
an Campas Thuaidh

# Ár nUaillmhian

**Cuirfidh ár n-ollscoil lenár bpobal agus lenár réigiún mar rogha láthair chun cuairt a thabhairt uirthi, oibriú, staidéar agus maireachtáil inti. Agus an plean seo á chur i bhfeidhm, déanfaimid Ollscoil Luimnigh a athrú ó bhonn go mbeidh níos mó i gceist léi ná ollscoil réigiúnach, go mbeidh sí ina hollscoil náisiúnta – agus go deimhin idirnáisiúnta – atá lonnaithe i réigiún an Iarthair Láir in Éirinn.**



An tOllamh Brigid Laffan, alumna OL, ag labhairt le Tionól Alumni OL sa Bhruiséil


Tá cáil orainn as caighdeán ár gcéimithe agus as an rath atá ar ár n-alumni.

Sa 50 bliain atá romhainn, déanfaimid ár gcáil a fhorbairt go hidirnáisiúnta mar ollscoil atá aitheanta as a cuid taighde, tionchair agus sainiúlachta agus mar rannpháirtí tábhachtach chun dúshláin dhomhanda a réiteach.

Trínár gcur chuige bunathraitheach maidir leis an oideachas, cuirfimid an caighdeán is airde maidir le heispéireas agus gnóthachtáil mac léinn ar fáil.

Beidh sé mar aidhm againn a bheith ar an ollscoil is mó a bhfuil tóir uirthi in Éirinn do mhic léinn iarchéime náisiúnta agus idirnáisiúnta, a fhorbróidh ár ndoimhneacht intleachtúil agus a chinnteoidh ár n-inbhuanaitheacht.

Cuirfimid fiontar agus fiontraíocht i gcroílár gach a ndéanaimid chun scileanna réigiúnacha agus náisiúnta a fhorbairt agus chun ár ngeilleagar a chothú agus a fhorbairt.


Sprioc 1
Oideachas a Athrú ó bhonn
Sprioc 2
Sármhaitheas Taighde
Sprioc 3
Idirnáisiúnú
Sprioc 4
Cathair agus Réigiún
Sprioc 5
Samhail Oibriúcháin
Ár nUallmhian
Cáil Acadúil
Céimí OL
Tacú lenár bhfoireann
Ollscoil Chathartha
Cuimsiú agus Éagsúlacht
Spleodar

**“[Ní mór dúinn] tús áite a thabhairt d’infheistíocht sa teicneolaíocht chun go mbeidh an t-oideachas slán don todhchaí”**





Léitheoir Téacs C-Pen,
Teicneolaíocht Foghlama Cúnta

# Sprioc 1
# Oideachas a Athrú ó Bhonn

**Cuireann ár samhail acadúil foghlaim sholúbtha ar fáil, freagraíonn sí agus múnlaíonn sí mianta náisiúnta agus idirnáisiúnta mac léinn, tugann sí aghaidh ar riachtanais scileanna réigiúnacha agus náisiúnta agus cuireann sí oideachas ar cheannairí gairmiúla don todhchaí.**

Cuirfimid leis an sármhaitheas acadúil agus leis na cumais atá againn in oideolaíochtaí athraitheacha, i litearthachtaí digiteacha agus i bhféinrialú chomh maith le curaclaim nuálacha agus chomhoibríocha. Oibreoimid i ndlúthchomhar le comhpháirtithe ábhartha, lena n-áirítear gnó, tionscal, rialtas, institiúidí oideachais náisiúnta agus idirnáisiúnta, pobail leasa agus ár líonra alumni. Is é ár sprioc timpeallacht foghlama mac léinn-lárnach a chothú chun cur ar chumas ár gcuid mac léinn forbairt mar smaointeoirí neamhspleácha, cruthaitheacha agus criticiúla, a chuideoidh leo a bheith ina saoránaigh, gairmithe agus ceannairí amach anseo.

| Ár dTosaíochtaí | Cuspóirí |
|---|---|
| **Taithí den scoth do mhic léinn** | › Éagsúlú a dhéanamh ar ár mac léinn trí idirnáisiúnú, rochtain a leathnú agus cur leis an oideachas iarchéime atá á thairiscint againn<br>› Foghlaim sholúbtha a éascú agus a chur chun cinn trí chláir forbartha gairmiúla agus oideachais feidhmiúcháin a dhearadh agus a sheachadadh<br>› Bunúis araíonachta agus malartú agus comhoibriú idirdhisciplíneach a chothú<br>› Soghluaisteacht mac léinn a fheabhsú trí dheiseanna staidéir agus socrúcháin idirnáisiúnta ghearrthéarmacha agus seimeastair agus foghlaim teangacha iasachta nua-aimseartha a fheabhsú |
| **An Fhoghlaim a athrú ó bhonn** | › Spásanna foghlama solúbtha a fhorbairt chun tacú le cur chuige foghlama mac léinn-lárnach, teicneolaíocht-bhunaithe agus cumasaithe<br>› Forbairt a dhéanamh ar churaclaim nua, ar mhodhanna foghlama dúshlán-bhunaithe agus comhoibritheacha, agus comhroinnt agus malartú tras-araíonachta<br>› Fiontraíocht a neadú inár gcláir go léir ag leibhéal fochéime agus iarchéime, le béim ar fhiosracht agus ar an tsamhlaíocht<br>› Ár straitéis dul chun cinn agus dámhachtainí a fhorbairt, ag tabhairt solúbthacht do gach mac léinn agus ag éascú foghlaim ar feadh an tsaoil<br>› Rochtain ar fhoghlaim ghníomhach agus phearsantaithe a spreagadh trí theicneolaíocht oideachais a sholáthar agus a úsáid |



| Ár dTosaíochtaí | Cuspóirí |
| --- | --- |
| **Ollscoil idirnáisiúnta san Iarthar Láir** | › Dearcthaí domhanda a leabú sa churaclam, inniúlachtaí traschultúrtha a chothú agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta atá ag fás a mhéadú<br>› Cáil acadúil a fhorbairt a chuidíonn le daoine ardchumasacha a choinneáil sa réigiún agus mic léinn a mhealladh ó gach cearn den tír<br>› Aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna náisiúnta trí chláir iarchéime agus phrintíseachta a thairiscint a thógann ar ár saineolas i réimsí amhail faisnéis shaorga, léasú aerárthaí agus ceannaireacht teagaisc<br>› Foghlaim nuálaíoch a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le hionaid acadúla agus le tionscail eile ionas gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna atá ag athrú go tapa |

**“Tá féiniúlacht ar leith ag baint le OL mar go bhfuilimid fiontraíoch, go háirithe sa teicneolaíocht”**



An tOllamh Stephen Kinsella ag tabhairt léachta uaidh i gCeoláras na hOllscoile

## Conas a dhéanfaimid ár rathúlacht a mheas

- Cur le rannpháirtíocht na mac léinn trí infheistíocht i bhfoghlaim sholúbtha agus i spásanna foghlama nuálacha
- Méadú ar chláir iarchéime agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach faoi stiúir an tionscail, lena n-áirítear forbairt Champas OL Chathair Luimnigh mar ionad iarchéime i dteicneolaíocht ghnó agus acadaimh foghlama le fiontar
- Forbairt ar shruth mac léinn cosúil leis an gComharoideachas don fhiontraíocht agus don chruthaitheacht ag leibhéil fochéime agus iarchéime araon
- OL a fhorbairt mar 'Ollscoil Dhigiteach' a thacaíonn le seachadadh na teicneolaíochta oideachais ar fud na hinstitiúide agus le húsáid uirlisí anailísithe foghlama atá bunaithe ar shonraí agus a chothaíonn rannpháirtíocht mac léinn níos fearr
- Sciar níos mó mac léinn ó lasmuigh den réigiún
- Méadú ar líon na gclár a thugann aghaidh ar riachtanais scileanna náisiúnta

| | 2019/20 | 2023/24 |
|---|---|---|
| **Líon iomlán na mac léinn cláraithe** | **15,481*** | **19,416** (méadú 25%) |
| **Mic léinn cláraithe ag leibhéal 9/10 mar % de gach mac léinn cláraithe** | **22%** | **30%** (méadú 33%) |

*amhail ag tús na bliana acadúla 2019/20

# Sprioc 2
# Sármhaitheas Taighde

**Tá sármhaitheas agus tionchar ar na tréithe is bunúsaí a bhaineann lenár dtaighde agus cuireann sé ar ár gcumas ceannas a ghlacadh maidir le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda.**

Tá clú náisiúnta agus idirnáisiúnta ollscoile nasctha go dlúth le caighdeán agus le tionchar a cuid taighde. Díreoimid ar ár gcultúr taighde, ar ár n-acmhainn agus ar ár gcumas a fhorbairt chun muid féin a bhunú mar ollscoil atá á treorú ag taighde a bheidh mar chéad rogha ag mic léinn agus ag foireann ardchaighdeáin. Leanfaimid ar aghaidh ag forbairt ár gclár idirdhisciplíneach in ábhair, bogearraí, ard-déantúsaíocht, matamaitic fheidhmeach agus sláinte agus déanfaimid forbairt bhreise ar ár n-institiúidí taighde – Institiúid Bernal OL, Lero agus Institiúid Taighde Sláinte OL – chun cur leis an rath seo. Aithnímid freisin, áfach, go gcaithfimid ár gcuid taighde a leathnú go réimsí eile má táimid chun ár gcuspóir a bhaint amach maidir le cáil acadúil OL a fhorbairt.

| Ár dTosaíochtaí | Cuspóirí |
|---|---|
| **Ár gcláir thaighde a leathnú** | › Ag tógáil ar réimsí feabhais atá ann cheana féin ionas gur féidir linn cláir idirdhisciplíneacha a fhorbairt a thugann aghaidh ar dhúshláin dhomhanda i réimsí ar nós claochlú digiteach agus sláinte<br>› A bheith solúbtha – eolas agus fionnachtain a fheabhsú tuilleadh i réimsí nideoige agus núíosacha<br>› Éagsúlú a dhéanamh ar ár maoiniú taighde chun tacú le fás agus barr feabhais inbhuanaithe le béim ar leith ar mhaoiniú AE agus ar mhaoiniú neamh-státchiste |
| **Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a fhorbairt** | › Ár dtionchar náisiúnta agus idirnáisiúnta a leathnú trínár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha a láidriú agus a fhorbairt le príomhollscoileanna, tionscail, páirtithe gnó agus gníomhaireachtaí<br>› Cur ar chumas ár gcuid mac léinn agus ár gcomhaltaí foirne a bheith ina gceannairí agus ina rannpháirtithe gníomhacha i gcláir thaighde dhomhanda<br>› Cur le doimhneacht agus le taithí intleachtúil ár gcuid taighde trí shaineolaithe idirnáisiúnta agus scoláirí ar cuairt a mhealladh chuig OL |

**“Caithfidh OL na taighdeoirí is fearr a mhealladh ar gach leibhéal, mic léinn PhD san áireamh”**

## Ár dTosaíochtaí

**Taighde a bhfuil tionchar aige**

## Cuspóirí

- Cultúr taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a chur i bhfeidhm go daingean inár gcuid mac léinn agus comhaltaí foirne
- Caidrimh shiombóiseacha a fhorbairt le comhpháirtithe áit a ndéantar tionchar a mheas ag gach céim den chlár taighde agus a ndéantar aistriú eolais a éascú
- Torthaí ár gcuid taighde a aistriú chun go mbeidh an tionchar is mó aige ar dhaoine, ar an tsochaí agus ar na geilleagair agus aghaidh a thabhairt ar spriocanna forbartha inbhuanaithe na NA
- Cláir iarchéime cheannródaíocha atá á dtreorú ag taighde a fhorbairt, a thaispeánann ár réimsí láidreachta agus a chuireann lenár gcáil idirnáisiúnta



Micreascóp Titan Themis,
Institiúid Bernal

## Conas a dhéanfaimid ár rathúlacht a mheas

- Maoiniú taighde níos éagsúla, le béim ar leith ar mhaoiniú AE agus ar mhaoiniú neamh-státchiste agus ar dheontais ard-luacha
- Réimse líonraí taighde acadúla agus tionscail náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhorbairt
- Ranguithe domhanda feabhsaithe
- Méadú ar aistriú eolais trí cheadúnais, paitinní agus comhpháirtíochtaí tionscail
- Raon níos leithne de chláir iarchéime struchtúrtha i réimsí infheistíochta taighde
- Béim níos mó ar nuálaíocht agus ar fhiontraíocht i measc na mac léinn agus na gcomhaltaí foirne, agus méadú ar mhac-chuideachtaí OL

| | 2019 | 2023 |
|---|---|---|
| **Tionchar normalaithe luanna**<br>*bunaithe ar 2018 | **34%*** os cionn an mheáin dhomhanda | **50%** os cionn an mheáin dhomhanda |
| **Mac-chuideachtaí**<br>*bunaithe ar 2018 | **12*** | **18** (méadú 50% ar an mbunlíne) |

# Sprioc 3
# Idirnáisiúnú

**Déanann ár gcur chuige cruthaitheach agus fiontraíoch mic léinn agus comhaltaí foirne idirnáisiúnta den scoth a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil, rud a chothaíonn éagsúlú ár bpobail.**

Aithnímid an gá atá le taithí acadúil agus intleachtúil ár bpobal mac léinn agus foirne a shaibhriú trí idirnáisiúnú. Aithnímid freisin an gá atá le forbairt a dhéanamh ar ár dtionchar domhanda chun cur lenár gcáil acadúil. Déanfaimid na spriocanna seo a bhaint amach trí na cláir a chomhlíonadh chun freastal ar riachtanais an mhargaidh dhomhanda, tríd an lucht acadúil idirnáisiúnta is fearr a mhealladh agus trí leanúint ar aghaidh ag éascú comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta i dtaighde agus in oideachas.

| Ár dTosaíochtaí | Cuspóirí |
| --- | --- |
| **Éagsúlú a dhéanamh ar phobal OL** | › Éagsúlú ar ár mac léinn, ag díriú ar mhargaí domhanda atá ailínithe lenár réimsí barr feabhais, agus ag uasmhéadú deiseanna maoinithe<br>› Ceannairí acadúla idirnáisiúnta le peirspictíochtaí éagsúla a mhealladh ionas gur féidir linn ár gcumas taighde a fheabhsú agus eispéireas na mac léinn a shaibhriú<br>› Ár dtairiscint teanga a fhorbairt, ag cur rogha an dara teanga ar fáil do gach mac léinn a threisítear trínár suíomh ceannasach sa chlár Erasmus |
| **Taithí ardchaighdeáin do mhic léinn idirnáisiúnta** | › Feabhas a chur ar eispéireas na mac léinn idirnáisiúnta trí chláir ardchaighdeáin, stuama agus comhtháite a thairiscint agus trínár gcuid mac léinn a bheith rannpháirteach i dtionscal<br>› Ár gcláir oideachais idirnáisiúnta a shaibhriú trí shraith chuimsitheach tacaíochtaí, mar aon leis an taithí acadúil, a chiallaíonn gurb é OL an chéad rogha ollscoile in Éirinn do mhic léinn idirnáisiúnta<br>› Tacú le mic léinn agus le comhaltaí foirne idirnáisiúnta ag malartú agus ag staidéar thar lear trínár líonra leathan comhpháirtíochtaí, mar shampla, an clár Erasmus |



**“Ba chóir go gcuirfeadh idirnáisiúnú leis an gcuspóir réigiúnach, seachas dul san iomaíocht leis”**

| Ár dTosaíochtaí | Cuspóirí |
|---|---|
| **Comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a fheabhsaíonn ár rangú domhanda** | › Comhpháirtíochtaí taighde a chothú le príomh-chomhpháirtithe domhanda san oideachas<br>› Comhpháirtíocht le hollscoileanna Eorpacha atá ag teacht chun cinn, go háirithe leo siúd a roinneann ár gcultúr fiontraíochta<br>› Tabhairt faoi chlár AE, go háirithe Fís Eorpach, an Tionscnamh Ollscoile Eorpaí, an Chomhairle Eorpach um Thaighde agus deiseanna oiliúna Marie Sklodowska-Curie, agus ag an am céanna leanúint lenár gcomhpháirtíochtaí le hollscoileanna sa Ríocht Aontaithe agus cur leo<br>› Tacú le cláir a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe i réimsí ina bhfuil saineolas againn, amhail sláinte agus oideachas<br>› Páirt a ghlacadh i líonraí ollscoile domhanda a chuireann le forbairt ghairmiúil agus acadúil na hollscoile |



Bronnadh Céime in Ollscoil Luimnigh

## Conas a dhéanfaimid ár rathúlacht a mheas

- Níos mó éagsúlú thar am inár bpobal mac léinn agus foirne
- Deiseanna níos idirnáisiúnta dár mic léinn agus dár gcomhaltaí foirne
- Idirnáisiúnú níos mó ar ár bpríomhchláir PhD i spriocréimsí
- Maoiniú méadaithe ón AE, go háirithe dámhachtainí acadúla aonair agus comhpháirtíochtaí taighde
- Méadú ar an líon ceapachán acadúil idirnáisiúnta ceannródaíoch nó comhcheapacháin i réimsí acadúla roghnaithe
- Rannpháirtíocht níos mó i gcomhpháirtíochtaí agus i líonraí idirnáisiúnta a théann i ngleic le dúshláin dhomhanda
- Feabhas ar ranguithe tionchair ollscoile

2019/20 — 2023/24

**Méadú ar mhic léinn idirnáisiúnta neamh-AE mar % de gach clárúchán mac léinn (FTEanna)**

**7%** (méadú 100%) **14%**

2019/20 — 2023/24

**20% de mhic léinn fochéime ag caitheamh seimeastar amháin ar a laghad thar lear (sprioc Bologna an AE, 2020)**

**35%** **40%**

# Sprioc 4
# Cathair agus Réigiún

**Déanann ár gcaidreamh leis an gcathair agus leis an réigiún pobail a shaibhriú agus cuireann sé le deiseanna do gach duine atá ina gcónaí ann.**


Tacaímid le cur i bhfeidhm 'Éire 2040 – An Tionscadal – An Creat Náisiúnta Pleanála' agus 'Luimneach 2030' de chuid an Rialtais, a thacóidh, ina dhiaidh sin, le réigiún níos láidre a fhorbairt i Luimneach agus san Iarthair Láir. Cuideoidh sé seo leis an gcathair agus leis an réigiún a bheith mar rogha láthair le cuairt a thabhairt uirthi, oibriú, staidéar agus maireachtáil inti, rud a chiallóidh go mbeidh OL níos tarraingtí do mhic léinn ionchasacha, do chomhaltaí foirne agus do chomhpháirtithe tionscail.

Cuid ollmhór dár bhféiniúlacht is ea ár rannpháirtíocht sa phobal, go háirithe chomh dírithe is atáimid ar chomhionannas deiseanna chun rochtain a fháil ar oideachas agus oiliúint ollscoile. Leanfaimid orainn ag freastal ar fhoghlaimeoirí neamhthraidisiúnta – mic léinn faoi mhíchumas, iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, agus iad siúd ón Lucht Siúil. Agus tuiscint againn go bhfuil comhthéacs níos leithne ag baint le rochtain ar an tríú leibhéal ná ár n-institiúid, oibreoimid le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Coláiste Mhuire gan Smál, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, údaráis áitiúla agus comhpháirtithe eile chun deiseanna rochtana a fhorbairt tuilleadh ar fud an Iarthair Láir.


Táimid tiomanta cur le forbairt na dtairiscintí spóirt, ealaíon agus cultúrtha sa chathair agus sa réigiún trínár gcláir agus áiseanna campais, lena n-áirítear Dámh Chruinne Éireann Rince Ceol, Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann agus Ceoláras na hOllscoile.

| Ár dTosaíochtaí | Cuspóirí |
|---|---|
| **Pleanáil agus forbairt gheilleagrach** | › Ár ról mar rannpháirtí agus mar institiúid a imríonn tionchar ar an saol cultúrtha sa chathair agus sa réigiún a neartú trí oideachas agus oiliúint, áiseanna taibhléirithe, cumas agus saineolas a chur ar fáil<br>› Oibriú le húdaráis áitiúla sa réigiún, ag aithint deiseanna chun tacú le hathfhorbairt chathair Luimnigh agus réigiún an Iarthair Láir i gcoitinne<br>› Oibriú le Coláiste Mhuire gan Smál agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh chun cathair Luimnigh a fhorbairt mar mhol don oideachas tríú leibhéal<br>› Cur le agus dul i gcion ar phlé réigiúnach agus náisiúnta trí chion agus saineolas ár ndaoine, go háirithe i bhfeidhmiú an Phlean Forbartha Náisiúnta |

**“Is ceannaire é OL i gcúrsaí oideachais agus i gcumhachtú ár bpobal”**



| Ár dTosaíochtaí | Cuspóirí |
| --- | --- |
| **Rannpháirtíocht sa Phobal** | › A chinntiú go gcuireann Campas Chathair Luimnigh OL go mór le hathnuachan chathair Luimnigh<br>› Tuilleadh feabhais a chur ar rannpháirtíocht an phobail agus ar chláir rochtana ionas gur féidir linn foghlaim agus fiontraíocht ghníomhach agus inrochtana a chothú<br>› Leanúint ar aghaidh ag tacú le comhlachtaí deonacha áitiúla, mar shampla, trí chlár Ghradam an Uachtaráin d'Obair Dheonach agus gradaim aitheantais |




Rugbaí na Mumhan, Ollscoil Luimnigh

## Conas a dhéanfaimid ár rathúlacht a mheas

- Rochtain níos fearr do mhic léinn neamhthraidisiúnta agus do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste ón gcathair agus ón réigiún, lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn agus an Lucht Siúil
- Tuilleadh forbartha ar chláir rochtana in OL, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Coláiste Mhuire gan Smál
- Bunú Champas Chathair Luimnigh OL ag acomhal Dhroichead an tSáirséalaigh agus Ché Honan mar chuid d'athnuachan chathair Luimnigh
- Rannpháirtíocht le comhairlí áitiúla maidir le pleanáil réigiúnach, mar shampla, an Limistéar Forbartha Speisialta atá beartaithe faoi stiúir Chomhairle Contae an Chláir
- Taisteal níos tapa chuig agus ón gcampas a chumasú trí phleanáil iompair cathrach agus réigiúnach
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar shaoráidí pobail mar chuid dár bpleanáil creata infreastruchtúir, mar shampla, Fab Lab Luimnigh OL agus an Campas Rochtana ag Comhpháirtíocht Forbartha Fiontair Luimnigh (LEDP)
- Rannpháirtíocht níos mó le gréasáin áitiúla chun fiontraíocht, nuálaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht a chur chun cinn, mar shampla, Luimneach le haghaidh TF, Luimneach Nuálach
- Rannpháirtíocht níos fearr mac léinn agus foirne i gcláir dheonacha trí Rannpháirtíocht OL agus trí líonraí pobail

| | 2019/20 | 2023/24 |
|---|---|---|
| **Rochtain ag iontrálaithe neamhchaighdeánacha ar chláir fochéime a choinneáil ag 30% de chlárúcháin mac léinn** | **3,400** | **3,870** |
| **Méadú ar rannpháirtíocht na mac léinn sa chlár PVA** | **500** | **700** |

# Sprioc 5
# Samhail Oibriúcháin

**Cuireann ár dtiomantas do chlár feabhsúcháin leanúnaigh ar chumas ár gcomhaltaí foirne barr feabhais a bhaint amach, beag beann ar a ról.**

Cinneann ár samhail oibriúcháin conas a dhéanaimid struchtúrú orainn féin, conas a dháilimid freagrachtaí, conas a dhéanaimid ár n-aonaid oibriúcháin a spreagadh, agus conas a spreagann agus a dtacaímid lenár gcomhaltaí foirne agus mar a chuirimid comhionannas inscne agus deiseanna chun cinn.


Cinnteoimid go mbeidh soiléire ag ár bhfoireann maidir lena róil agus lena bhfreagrachtaí agus go bhfeidhmeoidh acmhainní lárnacha agus acmhainní acadúla agus aonaid tacaíochta ar bhealach dírithe agus comhlántach. Is é an t-údarás, na dreasachtaí agus an tacaíocht a thugaimid dár mbainistíocht chun cuspóirí straitéiseacha OL a chur i bhfeidhm an rud is mó a chuirfidh lenár rathúlacht.

## Ár dTosaíochtaí

## Cuspóirí

**Ár gcomhaltaí foirne a chumhachtú**

- Struchtúir, próisis agus rialachas eagraíochtúil athbhreithnithe a thacaíonn lenár n-uaillmhianta straitéiseacha a chur i bhfeidhm agus a dhaingniú
- Ag aithint an tábhacht a bhaineann le dea-acmhainní bainistíochta agus riaracháin agus ag soláthar deiseanna forbartha níos fearr
- Cur i bhfeidhm agus tacú le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, lena n-áirítear an obair dhúthrachtach a thacaíonn lenár gcreidiúnú Athena SWAN, ár bPlean Gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne agus ár Straitéis Comhionannais agus Chearta an Duine
- Cur le hionchur na foirne agus freastal ar a mianta gairme
- Sruthanna ioncaim reatha a uasmhéadú agus cinn nua a shainaithint chun an titim i maoiniú rialtais a chúiteamh
- OL a chur ar bhonn níos inbhuanaithe chun uathriail na hollscoile a dhaingniú agus chun tacú le hinfheistíocht a bhaint amach do shaoráidí acadúla agus d’fheidhmeanna tacaíochta gairmiúla amach anseo





Leabharlann Glucksman,
Ollscoil Luimnigh

| Ár dTosaíochtaí | Cuspóirí |
|---|---|
| **Forbairt, córais agus tacaíochtaí foirne** | › Straitéis forbartha foirne agus clár forbartha ceannaireachta a chur ar fáil<br>› Cur i bhfeidhm samhail nua, ailínithe leithdháilte don lucht saothair<br>› Conairí gairme foirne a fhorbairt arna dtreorú ag feidhmíocht<br>› Comhphlé bliantúil pleanála straitéisí don fhoireann uile a fhorbairt a dhíríonn ar fheidhmíocht leanúnach agus ar dheiseanna nua, agus a dhéanann straitéis a ailíniú le pleanáil earcaíochta agus straitéiseach |



**“[Déanfaimid] céimithe agus foireann dhinimiciúil dhúshlánach a chur ar fáil”**

## Conas a dhéanfaimid ár rathúlacht a mheas

- Pleanáil bhliantúil straitéiseach, airgeadais agus earcaíochta fite fuaite le feidhmíocht agus le deiseanna
- Struchtúir agus próisis eagraíochtúla athbhreithnithe a chur i bhfeidhm agus a dhaingniú a thacaíonn le straitéis OL a bhaint amach agus a chuireann ar chumas ár gcomhaltaí foirne a n-uaillmhianta a chur i gcrích
- Creidiúnú Airgid Athena SWAN a bhaint amach don institiúid mar chuid de chur i bhfeidhm ár Straitéis Comhionannais agus Chearta an Duine agus ár bplean gníomhaíochta um Chomhionannas Inscne
- Straitéis forbartha foirne agus clár forbartha ceannaireachta soiléir, ilbhliantúil a chur ar fáil
- Feidhmiú samhail trédhearcach leithdháilte don lucht saothair
- Ár gCreat OL Sláintiúil a chur i bhfeidhm dár gcuid mac léinn agus comhaltaí foirne

2019/20 → 2023/24

**Cothromaíocht Inscne** — 2019/20: **27%** — 2023/24: **≥40%** ag leibhéal iomlán ollaimh

2019/20 → 2023/24

**Spriocanna a chruthú, bonnlíne a chur fúthu agus iad a fheabhsú le haghaidh raon méadrachtaí seirbhíse** — 2023/24: **15%** meánfheabhsú 15% ar an mbunlíne

# Cur i bhfeidhm na Straitéise

## Níl cáipéis straitéiseach ach chomh luachmhar leis an tiomantas dá chur i bhfeidhm. Tá OL meáite ar an straitéis a chur i bhfeidhm.

Lena chinntiú go n-éireoidh linn go rathúil, bunóimid plean forfheidhmithe ardleibhéil agus creat feidhmíochta agus tabharfaimid sainordú do gach dámh agus aonad pleananna a fhorbairt a aithneoidh gníomhartha tosaíochta agus a chuirfidh le seachadadh ár gcuspóirí foriomlána.

Trínár bpróiseas pleanála straitéisí bliantúla agus trí fhorbairt a dhéanamh ar phleananna aonair dáimhe, taighde agus riaracháin, cinnteoimid go mbeidh dul chun cinn i gcoinne chur i bhfeidhm ár straitéise ag teacht go leanúnach lenár bpleanáil airgeadais agus acmhainní. Leagtar amach go soiléir sna pleananna seo an méid a chuir gach dámh agus roinn le chéile agus an fhreagracht atá orthu maidir le plean straitéiseach OL@50 a bhaint amach.

Ar ndóigh, is ann do OL laistigh de chomhthéacs institiúideach níos leithne, agus tá a straitéisí agus a bpleananna féin ag codanna éagsúla den institiúid. Orthu seo tá Comhshocrú an ÚAO, Creat OL um Fhorbairt Tógtha, Comhionannas agus Éagsúlacht OL, Taighde OL, Oideolaíochtaí Trasfhoirmiúla, Rannpháirtíocht Dhomhanda OL, Creat Champas Sláintiúil OL, Institiúid Taighde Sláinte OL agus straitéisí Institiúid Bernal agus eile. Tacóidh gach straitéis agus plean reatha le cur i bhfeidhm an phlean straitéisigh, OL@50.

Ina theannta sin, sainaithneoimid, forbróimid agus feidhmeoimid tionscadail traschampais chun tacú lenár n-uaillmhianta straitéiseacha a bhaint amach.

Mar fhocal scoir, ar ndóigh déanfaidh an Coiste Feidhmiúcháin agus an tÚdarás Ceannais an plean forfheidhmithe straitéise iomlán a thionscnamh, a mhonatóiriú agus a thomhas. Forbrófar príomhbhearta feidhmíochta a bheidh ag teacht leis an gCreat Feidhmíochta Córais náisiúnta chun cabhrú linn ár dtorthaí foriomlána a bhaint amach.



Seoladh Pháirc Mhic Uidhir, Ollscoil Luimnigh

# Tagairtí


An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (2018). *Réimsí Tosaíochta Taighde, 2018 go 2023*.

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (2013). *Doing more with Digital – National Digital Strategy for Ireland*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). *An Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030 Tuairisc an Ghrúpa Straitéise*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014). *'Oideachas don Inbhuanaitheacht' – an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *An Plean Náisiúnta um Chothromas Teachta ar Ardoideachais, 2015-2019*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *An Straitéis Náisiúnta Scileanna, 2025*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Plean Gníomhaíochta chun Cúrsaí Printíseachta agus Cúrsaí Oiliúna a Fhorbairt in Éirinn, 2016-2020*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Oilte in Éirinn, Nasctha ar fud an Domhain – Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta d'Éirinn, 2016-2020*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Ag Infheistiú san Uaillmhian Náisiúnta: Straitéis do Mhaoiniú an Ard-Oideachais. Tuairisc an tSainghrúpa um Mhaoiniú Todhchaí san Ardoideachas*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2017). *Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn, 2017-2026*.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019). *Slán, Measúil, Tacúil agus Dearfach – Ag cur Deireadh le Foréigean agus Ciapadh Gnéasach in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann*.

An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (2015). *Fiontar 2025 – Beartas Náisiúnta Fiontar na hÉireann 2015-2025*.

An Roinn Sláinte (2013). *Straitéis rShláinte na hÉireann.*

An Roinn Sláinte (2013). *Bunú Grúpaí Ospidéal mar ullmhú d'Iontaobhais Ospidéal – Tuarascáil don Aire Sláinte, an Dr James Reilly, TD*.

An Roinn Sláinte (2013). *Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh sláinte agus folláine fheabhsaithe, 2013-2015*.

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2019). *An Plean Forbartha Náisiúnta, 2018-2027.*

Rialtas na hÉireann (1997). *Uimhir 24 de 1997, Acht na nOllscoileanna, 1997.*

Rialtas na hÉireann (2018). *Plean Gníomhaíochta don Oideachas, 2018*.

Rialtas na hÉireann (2019). *Plean Gníomhaíochta don Oideachas, 2019*.

Rialtas na hÉireann (1998-2015). *Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta*.

Rialtas na hÉireann (2000-2015). *Na hAchtanna um Stádas Comhionann.*

Rialtas na hÉireann (2014). *Ráiteas Beartais Náisiúnta ar Fhiontraíocht in Éirinn.*

Rialtas na hÉireann (2015). *Nuálaíocht 2020 – Feabhas, Tallann, Tionchar. Straitéis na hÉireann maidir le taighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht. Coiste Idir-rannach um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.*

Rialtas na hÉireann (2018). *Éire 2040 – An Tionscadal – An Creat Náisiúnta Forbartha, 2018-2027.*

Rialtas na hÉireann (2018) *Éire 2040 – An Tionscadal – An Creat Náisiúnta Pleanála.*

An tÚdarás um Ard-Oideachas (2016). *Tuarascáil an Ghrúpa Saineolaithe Athbhreithniú Náisiúnta an ÚAO ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann.*

An tÚdarás um Ard-Oideachas (2018). *Creat Feidhmíochta Córais Ardoideachais, 2018-2020.*

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (2014). *Limerick 2030 – An Economic and Spatial Plan for Limerick.*

Na Náisiúin Aontaithe (2019). *Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.*



Leabharlann Glucksman, Ollscoil Luimnigh



An Droichead Beo ag trasnú na Sionainne,
Ollscoil Luimnigh

